

# ❖ An Lúibín ❖

20 Meitheamh 2023

## Conas teangacha a mhúineadh

*In Finland it is common to acquire competence in several languages in the classroom. In this respect, the teaching of Irish is a striking example of failure.*

Baineann an Fhionlainnis le fine ar leith – an fhine Fhion-Úgrach – agus gaol aici le hEastóinis, Ungáiris, Sáimis agus eile. Tá a oiread difríochta idir í féin agus Béarla (nó teangacha Lochlannacha eile) is atá idir Béarla agus Seapáinis. An-difríocht, mar sin. Fágann sin nach mór do mhuintir na Fionnlainne teangacha eile a labhairt chun fanacht i dteagmháil leis an saol mór.

Más mar sin atá, ní gá a rá go bhfuil Béarla (nó Béarla éigin) ag formhór mór na bhFionnlannach. Labhraíonn 47% den phobal dhá theanga iasachta ar a laghad agus labhraíonn 23% trí cinn. Tá Béarla réasúnta maith ag formhór na bhFionnlannach, agus is beag duine nach bhféadfadh é féin a chur in iúl i Sualainnis, gan trácht ar na daoine a bhfuil eolas éigin acu ar Spáinnis, Gearmáinis, Iodáilis nó Rúisis.

Thosaíonn na daltaí ag foghlaim teanga iasachta go luath, cuid acu sa chéad ghrád (seacht mbliana d’aois) ach an chuid is mó acu nuair atá siad naoi mbliana d’aois, agus déantar é ar bhealach atá bunaithe ar shúgradh. Ní bhaintear feidhm as téacsleabhair; foghlaimítear trí amhráin, cluichí, rainn agus eile, agus ní bhactar le trialacha ag an am seo. Baintear tairbhe as gluaiseacht agus comhoibriú. Múinteoirí saincháilithe nó speisaltóirí a mhúineann teangacha, agus, cosúil le múinteoirí bunscoile eile, tá céim mháistreachta acu.

I suirbhé a rinneadh le déanaí dúirt daltaí bunscoile in Éirinn gurb í an Ghaeilge an teanga ba mhó ab fhuath leo. Is beag ar fad an líon daltaí a fhágann an mheánscoil agus iad in ann comhrá a dhéanamh i nGaeilge. Is léir gur míthid múineadh na teanga a dhéanamh ar an mbealach Fionnlannach, le haoibhneas agus sult agus gan bacadh ar dtús le téacsleabhair. Agus (ós iris Astrálach é *An Lúibín*) ní mór a rá gur gá cur leis an mbeagán scoileanna san Astráil a bhaineann leas as an modh múinteoireachta sin.

Tá fadhb eile ag Éirinn, ar ndóigh: tá múinteoirí líofa gann faoi láthair agus ní dócha go bhfuil leigheas éasca ar an scéal, má tá leigheas ar bith ann.

Mar a dúradh go minic cheana, is deacair a chreidiúint gur féidir teanga éigeantach a fhoghlaim ar feadh deich mbliana ar a laghad gan líofacht a bhaint amach. Ach tarraingíonn sin scéal eile anuas. D’ainneoin na hidé-eolaíochta cultúrtha, ní gá i ndáiríre go mbeadh Gaeilge líofa ag na hÉireannaigh go léir, nó fiú ag a leath, ach í a bheith ag mionlach láidir. Má mhúintear an teanga ar shlí thaitneamhach sna bunscoileanna, beidh deis ag gach dalta a shocrú an fiú leo leanúint den ábhar ar an meánscoil. Mura ndéanfaidh, is beag an dochar é; fuair siad blas ar an teanga.



## An Cadhnach ag léamh

Tá Máirtín Ó Cadhain (1906 – 1970) ar dhuine de na scríbhneoirí is clúití i litríocht nua-aimseartha na Gaeilge. Seo é ag léamh os ard as na chéad leathanaigh de *Cré na Cille*.

<https://www.youtube.com/watch?v=vLcxDJgIET4>



## An Daonáireamh agus an Ghaeilge

*The latest Irish census tells us that the number of daily speakers has fallen slightly, with the number of weekly speakers remaining steady. The Gaeltacht, as expected, shows a steady decline; urban Irish speakers remain the majority.*

Deir Daonáireamh na hÉireann 2022 linn nach bhfuil an Ghaeilge le cur fós de dhroim an domhain.<sup>1</sup>

Dúirt 1,873,997 duine go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt; ach d'admháil 472,887 duine díobh sin nár labhair siad an teanga riamh. Sa Ghaeltacht ar fad, de réir anailís a rinne *Tuairisc*, níl Gaeilge an-mhaith ach ag timpeall 10% de pháistí in aois réamhscoile – 248 páiste as 2,342.<sup>2</sup>

Ansin, na cainteoirí laethúla. 71,968 acu ag labhairt Gaeilge lamuigh den chóras oideachais. Ní mór an figiúr sin a scagadh. Níl ach 20,261 sa Ghaeltacht (agus a bhformhór os cionn caoga bliain d'aois). Tá 51,728 lasmuigh den Ghaeltacht, cuid mhaith acu óg, agus mura cainteoirí dúchais iad, is dócha go dtógfaidh a lán acu a gclann le Gaeilge – glúin nua de chainteoirí cathrach. I mBaile Átha Cliath féin bhí 16,440 cainteoir laethúil, agus an céatadán ab airde i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Rinne *Tuairisc* anailís ar thorthaí an Daonáirimh agus rinne amach nach bhfuil Gaelcholáiste i ndeich gcinn de na dhá chontae dhéag is laige ó thaobh na Gaeilge. Ach tá Contae Mhuineacháin ar an gcontae is láidre i dtaca le cainteoirí laethúla (lasmuigh den Ghaeltacht agus Baile Átha Cliath) agus is ann atá an céatadán is airde de dhaltá a bhíonn ag freastal ar ghaelscoileanna agus ar ghaelcholáistí.<sup>3</sup>

Is díol spéise é gur mhaígh 195,029 duine go raibh Gaeilge an-mhaith acu - 123,061 níos mó ná líon na gcainteoirí laethúla.<sup>4</sup> Fágann sin go bhfuil mórán daoine ann a labhraíonn an teanga go neamhrialta. Nó b'fhéidir go bhfuil cuid acu ag cur dallamullóg orthu féin. Pé scéal é, tá a lán daoine óga ina measc.

I staidéar a rinne Bernadette Bourke agus John Walsh, luaitear gur minic a cháineann scoláirí na hiarrachtaí a rinne an rialtas ar an teanga a chaomhnú agus a athbheochan toisc nár choisc siad meath na Gaeilge sa Ghaeltacht agus gur theip orthu pobail nua Ghaeilge a bhunú in áiteanna eile.<sup>5</sup> Ach anois tá níos mó airde á thabhairt ar mheon na

<sup>1</sup> <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpsr/censusofpopulation2022-summaryresults/educationandirishlanguage/>

<sup>2</sup> <https://tuairisc.ie/gaeilge-an-mhaith-ag-10-de-phaisti-na-gaeltachta/>

<sup>3</sup> <https://tuairisc.ie/tionchar-na-gaelscolaiochta-le-feiceail-sna-contaetha-is-laidre-agus-is-laige-o-thaobh-labhairt-na-gaeilge/>

<sup>4</sup> <https://tuairisc.ie/gaeilge-an-mhaith-ag-a-thri-oiread-daoine-is-a-labhraionn-gach-la-i-daonaireamh/>

<sup>5</sup> New Speakers of Irish in the Global Context: New Revival?: [https://www.researchgate.net/publication/339661520\\_New\\_Speakers\\_of\\_Irish\\_in\\_the\\_Global\\_Context\\_New\\_Revival](https://www.researchgate.net/publication/339661520_New_Speakers_of_Irish_in_the_Global_Context_New_Revival)

nuachainteoirí, daoine nach gcónaíonn sa Ghaeltacht agus nach bhfuil Gaeilge acu ó dhúchas – dream atá i bhfad níos líonmhaire ná na cainteoirí traidisiúnta. Teaghligh mheánaicme atá chun tosaigh in ‘athfhoghlaim’ na teanga. Cuid den saol nua iad na daoine seo ach tá dúil acu sa logántacht agus san oidhreacht chaillte. Tarraingíonn athghabháil seo na Gaeilge ceistanna anuas faoi cé leo an Ghaeilge ó cheart. B’fhéidir go mbeadh conspóid ann idir cainteoirí faoi dháileadh acmhainní nua na teanga.

Rinne John Walsh agus Rosemary Day staidéar eile ar chraoltóirí de chuid Raidió na Life, stáisiún pobail lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath. Is beag imní a bhí ar na nuachainteoirí seo faoi chaighdeán na teanga agus b’fhearr leo fáiltiú roimh dhaoine eile ná slat ró-dhian a chur ar a gcuid Gaeilge. Dhéanadh bainisteoir an stáisiúin droch-Ghaeilge na gcráoltóirí a cheartú, agus bhí a fhios ag na craoltóirí féin go lochtaíodh caighdeán na Gaeilge sa stáisiún ach ní raibh siad ró-bhuartha faoi seo. B’fhearr leo glacadh leis an nGaeilge iarthraidisiúnta mar theanga bheo.<sup>6</sup>



### **Na Nauo agus a ndúchas**

*The indigenous Nauo of South Australia were almost exterminated in the 19th century. Now their land rights have been acknowledged.*

In Leithinis Eyre san Astráil Theas tá an pobal Nauo tar éis teideal Bundúchasach a fháil ar 7,951 ciliméadar cearnach. Is beag an pobal iad: rinne na coilínigh sléacht orthu sa 19ú haois déag agus deirtear nár fágadh beo díobh ach seachtar tar éis an áir. Thosaigh siad ag éileamh teideal talún dhá bhliain is tríocha ó shin, agus thóg sé ocht mbliana is fiche orthu an fiosrúchán foirmiúil a chur díobh. Thug an rialtas stáit cúiteamh dóibh, agus mar chuid de sin fuair siad stráicí talún a bhféadfaí tairbhe a bhaint astu i gcúrsaí turasóireachta, iascaireachta agus rudaí eile.

Rinneadh coilíneacht den Astráil Theas in 1836, ach cheana féin bhí sealgairí míolta móra agus rón ag tabhairt ruathar ar na Nauo agus bhí lonnaitheoirí ag cúngú ar a dtailte ar an gcósta thiar theas. Cuireadh stáisiún sealgairí rón ar bun go luath agus d’fhuadaigh na fir sin agus cimid a d’éalaigh ó Van Diemen’s Land a lán ban de chuid na Nauo. Ní nach ionadh, chothaigh seo naimhdeas agus faltanas, ach ba iad na Nauo ba mhó sa maraíodh.

Ligeann teideal dúchasach do phobal bundúchasach aitheantas a fháil ar a gcearta ar a dtalamh féin agus ar a nósanna féin, ach caithfidh siad a thaispeáint go bhfuil dlúthchaidreamh acu ar a chéile fós agus nár chaill siad a gcuid traidisiúin. Ach admhaítear, mar sin féin, má rinneadh dochar mór don phobal sin agus dá ndúchas, go rachaidh sé rite leo a gcearta a bhaint amach.

Tá an teanga Nauo marbh anois, ach tá scoláirí de chuid an Mobile Language Team ó Ollscoil Adelaide ag athchruthú na teanga de réir na dtáifead atá ann. (Bailíonn agus foilsíonn an fhoireann sin ábhar a bhaineann le teangacha agus dúchas na bpobal Bundúchasach ar fud na hAstráile Theas.)



Leithinis Eyre  
*Wikimedia Commons*

---

<sup>6</sup> ‘New speakers’ on Irish language community radio: new understandings of linguistic variation on Raidió na Life: <https://www.tandfonline.com/doi/full/10.1080/01434632.2021.1955893>

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

**Filíocht le Colin Ryan. (Dánta dá chuid foilsithe in *Corraí na Nathrach*, Coiscéim 2017, agus *Rogha*, Coiscéim 2022.)**

### **Taiscéalái**

#### **1**

Bhí an mhá istigh ann  
faoi sholas deoranta gréine  
é ag imeacht ar muin capaill  
á scrúdú ag súile an dúchais  
i gcontúirt an fhéir:  
an mhá istigh ann  
is í ag síneadh go solasmhar  
go doiléire ghorm  
na sléibhte  
go ciumhais neamhchinnte  
a anama

#### **2**

Is anois bhí an scéal inste  
an turas déanta  
sa seomra seo a bhí lán  
dár bhailigh sé riamh  
é sínte ar an leaba  
is an bháisteach bhán  
ag greadadh na bpánaí:  
a ghunna os cionn an mhatail  
is na mairbh á fhaire  
le faltanas nó le taise  
ó mhá na taiscéalaíochta